# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1907 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) An 21 Meán Fómhair 2022, in ainneoin na n-iarrataí iomadúla a rinne an comhphobal idirnáisiúnta ar Chónaidhm na Rúise stop a chur láithreach leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici faoin Úcráin, chinn Cónaidhm na Rúise an fogha atá á thabhairt aici faoin Úcráin a ghéarú a thuilleadh trí thacú le heagrú "reifrinn" neamhdhleathacha sna codanna de réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk, agus Zaporizhzhia atá forghafa ag Cónaidhm na Rúise faoi láthair. Rinne Cónaidhm na Rúise an fogha atá á thabhairt aici faoin Úcráin a ghéarú a thuilleadh freisin trí shlógadh a fhógairt i gCónaidhm na Rúise agus trí bhagairt na n-arm ollscriosta a dhéanamh.

(4) An 28 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go fíorghéar na "reifrinn" bhréagacha neamhdhleathacha a rinneadh i gcodanna de réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk, agus Zaporizhzhia na hÚcráine agus atá faoi fhorghabháil pháirteach ag an Rúis faoi láthair. Dhearbhaigh an tArdionadaí freisin nach n-aithníonn agus nach n-aithneoidh an tAontas choíche na "reifrinn" bhréagacha neamhdhleathacha sin ná a dtoradh falsaithe, ná aon chinneadh a dhéanfar ar bhonn an toraidh sin, agus thathantaigh sé ar gach Comhalta de na Náisiúin Aontaithe an rud céanna a dhéanamh. Trí na "reifrinn" bhréagacha neamhdhleathacha sin a eagrú, bhí sé mar aidhm ag an Rúis teorainneacha na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta a athrú leis an lámh láidir, rud a sháraíonn Cairt na Náisiún Aontaithe go soiléir agus go tromchúiseach. Chuir an tArdionadaí in iúl freisin go dtabharfar chun cuntais iad siúd uile a raibh baint acu leis na "reifrinn" bhréagacha neamhdhleathacha sin a eagrú mar aon leo siúd atá freagrach as sáruithe eile ar an dlí idirnáisiúnta san Úcráin agus go dtabharfar bearta sriantacha breise ar aghaidh i ndáil leis sin. Meabhraíodh don Ardionadaí go bhfuil an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus éilíonn sé ar an Rúis a trúpaí agus a trealamh míleata ar fad a tharraingt siar ina n-iomláine láithreach agus gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine. Dhearbhaigh an tArdionadaí freisin go leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na hÚcráine chun na críche sin, a fhad is gá.

(5) An 30 Meán Fómhair 2022, ghlac comhaltaí na Comhairle Eorpaí ráiteas inar dhiúltaigh siad go daingean don ionghabháil neamhdhleathach a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia san Úcráin agus inar cháin siad go láidir an ionghabháil sin. Agus í ag féachaint d'aon ghnó leis an mbonn a bhaint den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus trí shárú follasach a dhéanamh ar chearta bunúsacha na hÚcráine chun neamhspleáchais, ceannasachta agus iomláine críochaí, croíphrionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe agus sa dlí idirnáisiúnta, tá an tslándáil dhomhanda á cur i mbaol ag an Rúis. Dúirt comhaltaí na Comhairle Eorpaí nach n-aithníonn siad agus nach n-aithneoidh siad na "reifrinn" neamhdhleathacha a chuir an Rúis i dtoll a chéile mar chúinse don sárú breise seo ar neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine, na reifrinn ná a dtorthaí falsaithe neamhdhleathacha. Dhearbhaigh siad nach n-aithneoidh siad choíche

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

an ionghabháil neamhdhleathach, go bhfuil na cinntí sin ar neamhní go hiomlán agus nach féidir leo aon éifeacht dhlíthiúil ar bith a bheith acu agus gur leis an Úcráin an Chrimé, Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia. D'iarr siad ar gach stát agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta diúltú go hiomlán don ionghabháil neamhdhleathach agus meabhraíodh dóibh go bhfuil an Úcráin ag feidhmiú an chirt dhlisteanaigh atá aici í féin a chosaint i gcoinne fhogha na Rúise chun smacht iomlán a fháil an athuair ar a críoch agus tá sé de cheart aici críocha atá faoi fhorghabháil laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta a shaoradh. Dúirt comhaltaí na Comhairle Eorpaí go neartóidh siad bearta sriantacha an Aontais chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Rúise a chomhrac agus go gcuirfidh siad leis an mbrú atá ar an Rúis deireadh a chur lena cogadh foghach.

(6) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 30 duine aonair agus seacht n-eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(7) Measann an Chomhairle gur dócha go gcuideoidh sáruithe ar an toirmeasc ar theacht timpeall ar bhearta sriantacha áirithe de chuid an Aontais a éascú chun an Úcráin a dhíchobhsú nó an bonn a bhaint dá hiomláine chríochach, dá ceannasacht agus dá neamhspleáchas. Dá bhrí sin, measann an Chomhairle gur gá critéar breise liostaithe a thabhairt isteach lena ndíreofar go sonrach ar éascú den sórt sin.

(8) Is iomchuí freisin maolú a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil i ndáil le dhá eintiteas atá liostaithe, chomh maith le forálacha breise a chur san áireamh maidir le hoibleagáidí na mBallstát a bhaineann le maoluithe a dheonú.

(9) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar theacht timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo, Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 (*), (AE) Uimh. 692/2014 (**), (AE) Uimh. 833/2014 (***) nó (AE) 2022/263 (****)ón gComhairle, nó Chinntí 2014/386/CBES (*****), 2014/512/CBES (******) nó (CBES) 2022/266 (*******) ón gComhairle,

(*) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 9).

(***) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

(****) Rialachán (AE) 2022/263 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir de réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú an rialtais agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin (IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 77).

(*****) Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70).

(******) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

(*******) Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin (IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 109).";

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(h) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar theacht timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo, Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) 2022/263 ón gComhairle, nó Chinntí 2014/512/CBES, 2014/386/CBES nó (CBES) 2022/266 ón gComhairle,";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit íocaíochtaí a údarú le Crimean Sea Ports as seirbhísí a chuirtear ar fáil ag calafort iascaigh Kerch, calafort tráchtála Yalta agus calafort tráchtála Evpatoria, agus as seirbhísí arna soláthar ag Gosgidrografiya agus ag brainsí críochfoirt-calafoirt Crimean Sea Ports. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.";

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"18. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 91 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn iad, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a thabhairt i gcrích, ar idirbhearta iad a bhfuil géarghá leo don fhoirceannadh, faoin 31 Nollaig 2022, i ndáil le comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil arna thabhairt i gcrích roimh an 16 Márta 2022, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.

19. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn iad, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun oibríochtaí, conarthaí, nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin, nó a bhaineann leis ar bhealach eile, roimh an 3 Meitheamh 2022 a fhoirceannadh faoin 7 Eanáir 2023. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.";

(3) cuirfear na daoine agus na heintitis a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1233. | Aleksander Dmitrievich KHARICHEV<br>(Александр Дмитриевич ХАРИЧЕВ) | Dáta breithe: 8.2.1966<br>Áit bhreithe: Kostroma, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceann an Division of Operation of the State Council sa Administration of the President of the Russian Federation. Cuireadh de chúram ar an Division na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1234. | Boris Yakovlevich RAPOPORT<br>(Борис Яковлевич РАПОПОРТ) | Dáta breithe: 14.8.1967<br>Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR (St. Petersburg, Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Alexander Kharichev<br>Eintitis chomhlachaithe: Presidential Directorate of the Russian Federation | Leas-Cheann an Division of Operation of the State Council sa Administration of the President of the Russian Federation. Cuireadh de chúram ar an Division na hullmhúcháin do na reifrinn neamhdhleathacha sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1235. | Anton Viktorovich KOLTSOV<br>(Антон Викторович КОЛЬЦОВ) | Dáta breithe: 24.6.1973<br>Áit bhreithe: Cherepovets, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Ceapadh mar 'ceann rialtais Zaporizhzhia Oblast' an 18 Iúil 2022 mar a ghairtear de agus tá baint aige leis na hullmhúcháin don reifreann neamhdhleathach chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1236. | Alexey Sergeyevich SELIVANOV<br>(Rúisis: Алексей Сергеевич СЕЛИВАНОВ)<br>ar a dtugtar freisin Oleksiy Sergiyovich SELIVANOV<br>(Úcráinis: Олексій Сергійович СЕЛІВАНОВ) | Dáta breithe: 7.12.1980<br>Áit bhreithe: Kyiv, iarUkrainian SSR (Ukraine anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chóndaidhm na Rúise | 'Leas-Cheann ar an Main Directorate of the Ministry of Internal Affairs of the Zaporizhzhia Military-Civilian Administration' mar a ghairtear de.<br>Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Zaporizhzhia Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1237. | Anton Robertovich TITSKIY<br>(Антон Робертович ТИЦКИЙ) | Dáta breithe: 12.2.1990<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise é ina 'Aire ar Youth Police of Zaporizhzhia Oblast' an 18 Iúil 2022, mar a ghairtear de. Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Zaporizhzhia Oblast, mar a ghairtear de, atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Zaporizhzhia.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1238. | Sergey Vladimirovich ELISEEV<br>(Сергей Владимирович ЕЛИСЕЕВ) | Dáta breithe: 5.5.1971<br>Áit bhreithe: Stavropol, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Fireann<br>Seoladh: Kherson Oblast, Ukraine<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise é ina 'Cheann, mar a ghairtear de, ar an Kherson Military-Civilian Administration' an 5 Iúil 2022. Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1239. | Mikhail Leonidovich RODIKOV<br>(Михаил Леонидович РОДИКОВ) | Dáta breithe: 26.1.1958<br>Áit bhreithe: Ozyory, Moscow region, iarUSSR, Russian Federation anois<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Sergey Eliseev<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Cheap Rialtas Chónaidhm na Rúiseé ina Aire Oideachais agus Eolaíochta, mar a ghairtear de, de chuid Kherson Military-Civilian Administration an 4 Iúil 2022 agus é freagrach as córas oideachais Kherson a chur in oiriúint do chaighdeáin na Rúise.<br>Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus atá freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1240. | Vladimir Alexandrovich BESPALOV<br>(Владимир Александрович БЕСПАЛОВ) | Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Cheap rialtas Chónaidhm na Rúise ina Aire Beartais Intíre, mar a ghairtear de, ar an Kherson Military-Civilian Administration an 4 Iúil 2022.<br>Dá réir sin, tá sé mar chuid de rialtas Kherson Oblast, mar a ghairtear de, atá faoi fhorghabháil agus é freagrach as reifreann neamhdhleathach a ullmhú chun réigiún de chuid Cónaidhm na Rúise a dhéanamh de Kherson.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1241. | Vitaliy Pavlovich KHOTSENKO<br>(Витаалий Паавлович ХОЦЕЕНКО) | Dáta breithe: 18.3.1986<br>Áit bhreithe: Dnepropetrovsk, iarUSSR (Ukraine anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Donetsk, Ukraine | Ceapadh é ina Phríomh-Aire ar Donetsk People's Republic, mar a ghairtear de, an 8 Meitheamh 2022 agus tá sé freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí 'rialtasacha' scarúnaíocha de chuid 'rialtas Donetsk People's Republic' mar a ghairtear de.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1242. | Vladislav Garievich KUZNETSOV<br>(Владислав Гариевич КУЗНЕЦОВ) | Dáta breithe: 18.3.1969<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSS (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceapadh é ina 'Chéad Leas-Chathaoirleach' ar 'rialtas' 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear de, an 8 Meitheamh 2022 agus tá sé freagrach ina cháil sin as gníomhaíochtaí 'rialtasacha' scarúnaíocha de chuid 'rialtas Luhansk People's Republic' mar a ghairtear de.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1243. | Nikolay Ivanovich BULAYEV<br>(Николай Иванович БУЛАЕВ) | Dáta breithe: 1.9.1949<br>Áit bhreithe: Kazachya Sloboda, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Leaschathaoirleach ar an Russian Central Election Commission. Bhí sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta vótála chun 'reifrinn' neamhdhleathacha a chur ar bun ar ionghabháil neamhdhleathach 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di, agus réigiúin Zaporozhzhia agus Kherson na hÚcráine ag Cónaidhm na Rúise i mí Mheán Fómhair 2022. Faoina threoir, osclaíodh stáisiúin vótála i gCónaidhm na Rúise chun an vótáil sin a éascú.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | 6.10.2022 |
| 1244. | Evgeniy Alexandrovich SOLNTSEV<br>(Евгений Александрович СОЛНЦЕВ) | Dáta breithe: 1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | 'Leas-Chathaoirleach Rialtas Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de, ón 8 Meitheamh 2022.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1245. | Alexander Konstantinovich KOSTOMAROV<br>(Александр Константинович КОСТОМАРОВ) | Dáta breithe: 13.5.1977<br>Áit bhreithe: Chelyabinsk, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | 'Ionadaí ar Phríomh-Aire ar Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de, ón 8 Meitheamh 2022.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | 6.10.2022 |
| 1246. | Alan Valerievich LUSHNIKOV<br>(Алан Валерьевич ЛУШНИКОВ) | Dáta breithe: 10.8.1976<br>Áit bhreithe: Leningrad, iarUSSR, St. Petersburg (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC Kalashnikov Concern | An scairshealbhóir is mó in JSC Kalashnikov Concern, ar táirgeoir arm é. Is forbróir agus monaróir Rúiseach é JSC Kalashnikov Concern a dhéanann trealamh don arm, raidhfilí pearsanta, diúracáin agus feithiclí san áireamh. Tá sé á rialú go díreach ag Rostec. Bhain fórsaí armtha na Rúise úsáid as diúracáin aerárthaí treoraithe Vikhr-1 agus as raidhfilí ionsaithe AK-12 a rinne JSC Kalashnikov Concern le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá baint aige le JSC Kalashnikov Concern, atá freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhain an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.<br>Baineann corparáidí cosanta na Rúise agus daoine aonair atá cleamhnaithe leo tairbhe as cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuireann JSC Kalashnikov Concern le soláthar arm d'Fhórsaí Armtha na Rúise agus baineann sé tairbhe as an ngá méadaitheach le hairm. Dá bhrí sin tá Alan Lushnikov, ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil Crimea agus as díchobhsú na hÚcráine. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1247. | Yulia Dmitrievna CHICHERINA<br>(Юлия Дмитриевна ЧИЧЕРИНА) | Dáta breithe: 7.8.1978<br>Áit bhreithe: Sverdlovsk, Cónaidhm na Rúisea<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Amhránaí mór le rá Rúiseach . Baineann sí leas as an gcáil shuntasach atá bainte amach aici di féin chun an bonn a bhaint go poiblí d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine nó chun bagairt a dhéanamh ar an méid sin, e.g. trí dhímheas a léiriú ar shiombailí státacht na hÚcráine agus a tacaíocht a léiriú go poiblí d'ionghabháil na Rúise ar an Úcráin i gcríoch Úcránach atá faoi fhorghabháil na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá sí ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1248. | Dmitriy Vitalyevich BULGAKOV<br>(Дмитрий Витальевич БУЛГАКОВ) | Dáta breithe: 20.10.1954<br>Áit bhreithe: Verkhneye Gurovo, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise go dtí Meán Fómhair 2022 agus Ginearál in arm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne. Ina theannta sin, thug sé údar go poiblí do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chosain sé é agus thacaigh sé leis.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1249. | Yunus-Bek Bamatgireevich EVKUROV<br>(Юнус-Бек Баматгиреевич ЕВКУРОВ) | Dáta breithe: 30.7.1963<br>Áit bhreithe: North Ossetian Autonomous SSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogadh na Rúise i gcoitinne. De réir a láithrithe poiblí, tugann sé údar go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Trí bhíthin láithrithe poiblí agus trína rannpháirtíocht i searmanais luaíochta agus bonn, cuireann sé tacaíocht intíre ar fáil don chogadh. Ina theannta sin, léiríonn a chuid gníomhaíochtaí go dtacaíonn sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1250. | Ruslan Khadzhismelovich TSALIKOV<br>(Руслан Хаджисмелович ЦАЛИКОВ) | Dáta breithe: 31.7.1956<br>Áit bhreithe: Ordzhonikidze, North Ossetian Autonomous SSR (Vladikavkaz, Republic of North Ossetia–Alania, (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise. Tá sé sa cheathrú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne. Ina láithrithe poiblí éagsúla, amhail a rannphháirtíocht i gcomhdháil 'frithfhaisisteach' a d'eagraigh Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, chuir sé a thacaíocht in iúl do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn a chuid gníomhaíochtaí go dtugann sé tacaíocht, údar agus cosaint ghníomhach do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1251. | Nikolay Aleksandrovich PANKOV<br>(Николай Александрович ПАНКОВ) | Dáta breithe: 2.12.1954<br>Áit bhreithe: Maryino, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Leas-Aire Cosanta, ginearálta arm cúltaca na Rúise, agus rúnaí stáit Chónaidhm na Rúise. Tá sé sa chúigiú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata na Rúise, is é atá freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Bhí baint aige le himscaradh trúpaí san Úcráin. Ina theannta sin, thacaigh sé go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus é i láthair ag imeachtaí poiblí. Bhronn sé duaiseanna ar pharatrúipéirí Rúiseacha freisin as a rannphháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin go dtugann sé tacaíocht agus cosaint ghníomhach do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1252. | Yuriy Eduardovich SADOVENKO<br>(Юрий Эдуардович САДОВЕНКО) | Dáta breithe: 11.9.1969<br>Áit bhreithe: Zhitomyr, iarUSSR (Ukraine anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann | Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise, chomh maith le ceann Oifig Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise, agus Coirnéal Ginearálta fhórsaí armtha na Rúise. Tá sé sa seachtú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata na Rúise, tá Yuriy Sadovenko freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Bhí baint aige le trúpaí a imscaradh san Úcráin. Ina theannta sin, thacaigh sé go poiblí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus thug sé údar leis an gcogadh sin agus é i láthair ag imeachtaí poiblí.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1253. | Timur Vadimovich IVANOV<br>(Тимур Вадимович ИВАНОВ) | Dáta breithe: 15.8.1975<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR, Russian Federation anois<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Leas-Aire Cosanta reatha. Sa phost seo, tá sé freagrach as earraí míleata a sholáthar agus as saoráidí míleata a thógáil. Tá sé sa deichiú háit in ordlathas foriomlán cheannaireacht mhíleata na Rúise. Mar gheall ar a ról lárnach i bhfiontar míleata Chónaidhm na Rúise, is é atá freagrach as iarracht cogaidh na Rúise i gcoitinne. Le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, thug sé cuairteanna éagsúla ar 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear de, agus ar 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de, chun iniúchadh a dhéanamh ar shaoráidí atá á dtógáil ag fórsaí forghabhála na Rúise. Ina theannta sin, thug sé dámhachtainí stáit éagsúla do phearsanra míleata na Rúise a gortaíodh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin go dtugann sé tacaíocht, údar agus cosaint ghníomhach don chogadh i gcoinne na hÚcráine.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1254. | Sergey Borisovich RYZHKOV<br>(Сергей Борисович РЫЖКОВ) | Dáta breithe: 25.10.1968<br>Áit bhreithe: Voronezh, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Maor-Ghinearál i bhfórsaí armtha na Rúise agus Ceannasaí ar an 41ú Combined Arms Army. Mar sin, is príomhphearsa é in ord catha na Rúise agus bhí ról lárnach aige in ionradh agus i bhforghabháil chríoch na hÚcráine. Sa ról sin, ba é a bhí freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1255. | Aleksander Viktorovich KOCHKIN<br>(Александр Викторович КОЧКИН) | Dáta breithe: 10.2.1957<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir Feidhmiúcháin an ghnóthais Tecmash. Is príomhdhearthóir agus príomh-mhonaróir diúracán agus muinisin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise é an gnóthas Tecmash. Monaraíonn a fhochuideachta, NPO Splav, il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch a d'úsáid fórsaí armtha na Rúise le linn chogadh fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch i gcnuasmhuinisean i gcoinne spriocanna sibhialtacha san Úcráin, rud ba chúis le taismigh iomadúla.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | 6.10.2022 |
| 1256. | Vladimir Grigorevich KULISHOV<br>(Владимир Григоорьевич КУЛИШОВ) | Dáta breithe: 20.7.1957<br>Áit bhreithe: Rostov-on-Don, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceann Border Service na Rúise agus is é Leas-Stiúrthóir an Federal Security Service (FSB) Chónaidhm na Rúise é.<br>Ghlac feidhmeannaigh Border Service FSB Chónaidhm na Rúise faoina cheannas páirt in oibríochtaí córasacha 'scagtha' agus in ionnarbadh éigeantach na nÚcránach ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine. Rinne gardaí teorann na Rúise go neamhdhleathach saoránaigh na hÚcráine a cheistiú, a chuardach agus a choinneáil ar feadh tréimhsí fada.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1257. | Nikolay Viacheslavovich RASTORGUEV<br>(Николаай Вячеслаавович РАСТОРГУУЕВ) | Dáta breithe: 21.2.1957<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR, Russian Federation anois<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceoltóir Rúiseach agus comhalta den Public Council faoi Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Thacaigh sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trína cheolchoirmeacha agus a ghníomhaíochtaí poiblí. Ghlac sé páirt san imeacht bolscaireachta chun tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Ina theannta sin, sheinn sé do shaighdiúirí atá ag troid sa chogadh i gcoinne na hÚcráine, agus bhronn sé cistí ar réigiún Donbas atá faoi fhorghabháil ag an Rúis.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1258. | Oleg Mikhaylovich GAZMANOV<br>(Олег Михайлович ГАЗМАНОВ) | Dáta breithe: 22.7.1951<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Ceoltóir Rúiseach. Comhalta den Public Council faoi Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, a bunaíodh in 2006 le foraithne Aire Cosanta na Rúise leis an gcuspóir a luadh go poiblí rialú sibhialta thar an Aireacht Cosanta agus thar Fhórsaí Cosanta Chónaidhm na Rúise a áirithiú. Ghlac sé páirt sna himeachtaí poiblí a d'eagraigh United Russia, an páirtí atá i gceannas ar Chónaidhm na Rúise.<br>Thacaigh sé le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trína a ráitis agus a cheolchoirmeacha. Thug sé údar do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine trí líomhaintí bréagacha a scaipeadh faoi bhagairt ECAT i gcoinne na Rúise, agus an dosheachantacht mhaíte a bhaineann le cogadh níos forleithne dá mba rud é nach ngníomhódh taobh na Rúise.<br>Ghlac sé páirt san imeacht bolscaireachta chun tacú le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus leis an gcogadh i gcoinne na hÚcráine, a bhí ar siúl an 18 Márta 2022 i Staid Luzhniki i Moscó. Sheinn sé freisin ag an gceolchoirm do shaighdiúirí gortaithe na Rúise a throid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is duine de na healaíontóirí Rúiseacha é a thacaigh go poiblí le beartas an Uachtaráin Putin maidir leis an Úcráin agus le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol in 2014.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1259. | Dmitry Evgenevich SHUGAEV<br>(Дмитрий Евгеньевич ШУГАЕВ) | Dáta breithe: 11.8.1965<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir ar an Federal Service for Military-Technical Cooperation of the Russian Federation (FSVTS). Is comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme é FSVTS atá freagrach as rialú agus maoirseacht i réimse an chomhair mhíleata-teicniúil idir Cónaidhm na Rúise agus tíortha eachtracha. Sa ról seo, tá sé freagrach as rialú agus maoirseacht i réimse an chomhair mhíleata-teicniúil, chomh maith le beartas stáit a fhorbairt i réimse an chomhair mhíleata-theicniúil, rud a fhágann go bhfuil sé freagrach as iarracht chogaidh na Rúise i gcoitinne.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 1260. | Gennadiy Valeryevich ZHIDKO<br>(Геннадий Валериевич ЖИДКО) | Dáta breithe: 12.9.1965<br>Áit bhreithe: Tashkent, iarUSSR (Uzbekistan anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Comhalta lárnach de Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é an Ginearál Gennadiy Zhidko. I mí an Mheithimh 2022, tugadh ceannas oibríochtúil dó ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus bhí sé i gceannas ar Ghrúpáil Fórsaí na Rúise sa Deisceart. Bhí sé gníomhach in imscaradh na dtrúpaí chun na hÚcráine agus rinne sé maoirseacht ar chur chun feidhme ordú chun mionaoisigh Rúiseacha a imscaradh chuig an láthair chogaidh san Úcráin. Tacaíonn sé go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tugann sé údar leis agus cosnaíonn sé é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1261. | Aleksander Gelyevich DUGIN<br>(Александр Гельевич ДУГИН) | Dáta breithe: 7.1.1962<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Fealsúnaí, eolaí polaitiúil, anailísí, straitéisí agus idé-eolaí theoiricí Russky Mir agus Eoráiseachais le fada é Aleksandr Dugin. Is comhalta é de Izborsk Club, mar a ghairtear de, meitheal machnaimh caomhach Rúiseach a dhéanann sainchúram de bheartas eachtrach agus baile na Rúise a staidéar.<br>Chosain Dugin ionghabháil na Crimé agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ó thaobh na hidé-eolaíochta agus na diagachta de, agus é den tuairim go bhfuiltear ag 'saoradh' na hÚcráine ó thionchar an Iarthair. Tá idé-eolaíocht Dugin dírithe ar impireacht ollsmachtach Eoráiseach faoi cheannas na Rúiseach a thógáil, a mbeidh an Úcráin mar chuid de, ar chúiseanna stairiúla, reiligiúnacha agus geografacha. Ó thaobh na hidé-eolaíochta de, tá Dugin ag glacadh leis gur stát saorga í an Úcráin lena mbaintear an bonn de shlándáil na Rúise agus den Impireacht Eoráiseach a bheartaítear. Dá bhrí sin, ní raibh aon bhealach leis an ionradh míleata ar an Úcráin a sheachaint. D'iarr sé ar an Uachtarán Vladimir Putin ionradh míleata a dhéanamh ar oirthear na hÚcráine.<br>Chuir Dugin chun cinn an coincheap *Russian World* [Domhan Rúiseach], atá nasctha le náisiúnachas forleathan díoltasach ré Putin, a bhaineann le máthairthír stairiúil a chosnaíonn géillsinigh an Domhain Rúisigh. Chuidigh sé le coincheap 'Novorossiya' nó *New Russia* [Rúis Nua] a athbheochan - ainm stairiúil a úsáideadh i ré Impireacht na Rúise le haghaidh limistéar riaracháin ar cuid den Úcráin faoi láthair é.<br>D'iarr Dugin dínaitsiú na hÚcráine agus dúirt gur rialtas faisisteach a bhí aici. Thacaigh sé go gníomhach leis an ngluaiseacht scarúnaíoch ar son na Rúise in Oirthear na hÚcráine, agus rinne sé ionstraimiú ar a theoiric dhomhanda trí *Eurasian Youth Union* [an tAontas Óige Eoráiseach] a bhunú, aontas a chuaigh i mbun gníomhaíochtaí lena ndírítear ar an mbonn a bhaint de cheannasacht na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksander Dugin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus le beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó shlándáil na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1262. | Ella Aleksandrovna PAMFILOVA<br>(Элла Александровна ПАМФИЛОВА) | Dáta breithe: 12.9.1953<br>Áit bhreithe: Olmaliq, iarUSSR (Uzbekistan anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Cathaoirleach ar Central Election Commission (CEC) Chónaidhm na Rúise. Tá CEC freagrach as na reifrinn neamhdhleatacha a eagrú i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Sa ról sin, tá Ella Aleksandrovna Pamiflova freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022". |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "112. | JSC Goznak<br>(Rúisise: АО «Гознак») | Seoladh: 17 Mytnaya Street, Moscow, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic<br>Áit chláraithe: Russian Federation<br>Cláruimhir: TIN 7813252159<br>Príomhionad gnó: Moscow, Russia, Russian Federation<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Cuideachta comhstoic faoi úinéireacht stáit na Rúise é JSC Goznak atá freagrach as táirgí slándála, nótaí bainc, boinn airgid, stampaí, cártaí aitheantais, doiciméid shlána, orduithe stáit agus boinn a mhonarú. Mar sin de, tá JSC Goznak freagrach as gach pas Rúiseach a phriontáil, lena n-áirítear na pasanna a dháiltear sna réigiún san Úcráin atá faoi fhorghabháil, an Donbas san áireamh, chomh maith le doiciméid mhíleata d'earnáil cosanta na Rúise. Is cuid thábhachtach d'iarracht na Rúise an Úcráin a 'rúisiú' agus a dhíchobhsú é dáileadh na bpasanna.<br>Dá bhrí sin, tá JSC Goznak freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 113. | OJSC V.A. Degtyarev Plant<br>(Rúisise: ОАО «Завод имени В.А. Дегтярева»)<br>ainm eile: Degtyarev Plant<br>(Rúisise: «Завод имени Дегтярева»)<br>ainm eile: ZiD<br>(Rúisise: «ЗиД») | Seoladh: 4 Truda st., Kovrov 601900 Vladimir region, Russian Federation<br>Teileafón: +8 (49232) 9-12-09<br>Suíomh gréasáin: www.zid.ru<br>Rphost: zid@zid.ru<br>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksander Vladimirovich Tmenov | Cuideachta cosanta a chuireann armáin ar fáil d'Fhorsaí Armtha na Rúise. Mhonaraigh sé diúracáin Igla MANPADS, 9M119M 'Refleks' agus 9M120 'Ataka' agus teilgeoirí diúracán 3UBK20 a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Degtyarev Plant freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 114. | MKB 'Fakel' a báisteadh as P.D. Grushin<br>(Rúisise: МКБ «Факел» имени академика П.Д. Грушина) | Seoladh: Khimki, Akademika Grushina 33, 141401 Moscow region, Russian Federation<br>Teileafón: 8 (495) 572-01-33<br>Suíomh gréasáin: https://www.mkbfakel.ru<br>Rphost: info@npofakel.ru<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC Concern VKO 'Almaz-Antey' | Cuideachta Cosanta Rúiseach a dhear na córais diúracán S-300, S-400 agus TOR a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá MKB Fakel freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 115. | JSC Irkut Corporation<br>(Rúisise: Корпорация «ИРКУТ») | Seoladh: Leningradskiy Prospect 68, Moscow, 125315, Russian Federation<br>Teileafón: +7 (495) 777-21-01<br>Suíomh gréasáin: www.irkut.com<br>Rphost: office@irkut.com<br>Daoine aonair comhlachaithe: Alexander Veprev, Leas-ardstiúrthóir ar JSC 'Irkut Corporation', agus Yuri Slyusar, Príomhfheidhmeannach PJSC 'UAC';. | Monaróir aerárthaí Rúiseach a chuireann aerárthaí troda ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise.<br>Mhonaraigh sé an t-aerárthach troda a bhí sé thar a bheith éasca é a bhogadh, an Su-30SM, a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Irkut Corp freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |
| 116. | MMZ Avangard<br>(Rúisise: АО 'ММЗ 'АВАНГАРД") | Seoladh: Klary Tsetkin street 33, 125130, Moscow, Russian Federation<br>Teileafón: +7 (495) 639-99-90<br>Suíomh gréasáin: https://mmzavangard.ru/<br>Rphost: avangardmos@mmza.ru<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC Concern VKO 'Almaz-Antey' | Conraitheoir cosanta Rúiseach , a chuireann armáin ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise.<br>Monaraíonn sé diúracáin le haghaidh na gcóras diúracán S-300 agus S-400 a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá MMZ Avangard freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 117. | JSC A.N. Ganichev Scientific and Production Association 'SPLAV'<br><br>(Rúisise: АО «Научно-производственное объединение «СПЛАВ» имени А.Н. Ганичева»)<br><br>ainm eile: JSC NPO 'Splav' (Rúisise: АО НПО «Сплав») | Seoladh: Shcheglovskaya zaseka Str. 33, Tula, 300004 Russian Federation<br><br>Teileafón: +7 (4872) 46-44-09<br><br>Suíomh gréasáin: www.splav.org, www.splavtula.ru, сплав.рф<br><br>Rphost: mail@splavtula.ru<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksander Vladimirovich Smirnov<br><br>Sergey Yurevich Alekseev<br><br>Boris Andreevich Belobragin<br><br>Sergey Anatolevich Guliy<br><br>Vladimir Nikolaevich Kondaurov<br><br>Denis Nikolaevich Kochetkov<br><br>Maksim Grigorevich Rapota<br><br>Oleg Veniaminovich Stolyarov<br><br>Viktor Ivanovich Tregubov<br><br>Olga Olegovna Yakunina<br><br>Eintitis chomhlachaithe: JSC Research and Industrial Concern 'Machine Engineering Technologies' - JSC RIC TECMASH | Monaróir armán Rúiseach é, a chuireann armáin ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise.<br><br>Tháirg sé il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. D'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise il-lainseálaithe roicéad BM-27 Uragan agus BM-30 Smerch i gcnuasmhuinisean i gcoinne spriocanna sibhialtacha san Úcráin, rud ba chúis le taismigh iomadúla.<br><br>Dá bhrí sin, tá NPO Splav freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 6.10.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 118. | Central Election Commission (CEC) | Seoladh: 109012, Bol'shoy Cherkassky Pereulok, Building 9, Moscow, Russian Federation.<br>An cineál eintitis: Comhlacht stáit de chuid Cónaidhm na Rúise<br>Áit chláraithe: Moscow, Russian Federation<br>Dáta clárúcháin: 12.6.2002 le Dlí Cónaidhme Uimh. 67-FZ<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Rialtas Chónaidhm na Rúise | Is comhlacht stáit Rúiseach é Central Election Commission (CEC) Chónaidhm na Rúise atá freagrach as toghcháin agus reifrinn a eagrú do Chónaidhm na Rúise. Dá réir sin, tá CEC freagrach as reifrinn neamhdhleatacha a eagrú i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 6.10.2022". |